Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 13

# Oifig na nOibreacha Poiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar chostais Oifig na nOibreacha Poiblí, ar sheirbhísí arna riar ag an Oifig sin, ar dheontais áirithe a íoc agus ar chaiteachas áirithe a aisghabháil.

Cuirtear an t-aschur caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair don chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €571,328 a ghéilleadh don Státchiste.

Feidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) mar ghníomhaire agus tabhaíonn caiteachas thar ceann Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile. Tá an caiteachas a tabhaíodh thar a gceann leagtha amach i Nóta 2.8. Ina theannta sin, cuireann OOP seirbhísí ar fáil do chliaint thar ceann an Stáit. Leagtar an caiteachas sin amach i Nóta 1.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 6.

## Ráiteas faoi na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta i bhfeidhm i ndáil le cuntais leithreasa a chur le chéile, mar a leagann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach i gCiorclán 24 de 2018, agus an cuntas á ullmhú. Déantar cur síos thíos ar chásanna nár cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta chun feidhme.

***Luacháil sócmhainní caipitil***

Is mar seo a leanas a aithníonn Oifig na nOibreacha Poiblí luach talún agus foirgneamh

- Cuireadh measúnuithe ar luach margaidh i bhfeidhm maidir le hionaid réadmhaoine nuair a bhí comparáid mhargaidh ar fáil.
- Rinneadh luacháil aonair ar ionaid réadmhaoine ardghradaim agus baineadh úsáid as modh luachála an chostais athsholáthair. Tá an costas atógála seo bunaithe ar chur i bhfeidhm rátaí margaidh.
- Sa chás nach bhfuil comparáid mhargaidh ar fáil, déantar ionaid réadmhaoine a sealbhaíodh nó a ceannaíodh roimh an 1 Eanáir 1995 nó a tógadh roimh an 1 Eanáir 1997 a luacháil ar bhonn gnáthghnáis costais tógála agus luachanna barúlacha suímh a thugtar cothrom le dáta go rialta. Déantar ionaid réadmhaoine a ceannaíodh ón 1 Eanáir 1995 i leith nó a tógadh ón 1 Eanáir 1997 i leith a luacháil ar a gcostas.

Tá na luachálacha faoi réir roinnt cáilíochtaí suntasacha agus níor cheart iad a mheas amhail meastachán reatha ar luach inréadaithe.

Ní aithnítear caiteachas caipitiúil i roinnt réimsí i Nóta 2.2 Sócmhainní Caipitil mar seo a leanas

- Níl caiteachas ar fhoirgnimh áirithe a fheabhsú san áireamh. Léireofar an t-athrú ar an luach an chéad dáta luachála eile.
- Ní dhéantar séadchomharthaí náisiúnta agus ar maoin áirithe stairiúla náisiúnta a luacháil.
- Féachtar ar oibreacha fóirithinte stuilte mar shócmhainní infreastruchtúir agus ní dhéantar iad a chaipitliú.
- Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ar fhoirgnimh léasaithe a fheabhsú.
- Cuirtear obair ealaíne a sealbhaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2008 san áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil faoin gceannteideal Daingneáin agus Feistis ar chostas stairiúil agus ní dhéantar athluacháil uirthi.
  Níl obair ealaíne a sealbhaíodh roimh an 1 Eanáir 2008 caipitlithe.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní gléasra agus innealra a dhímheas ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach measta idir cúig agus 20 bliain, lúide a luach iarmharach.

Ní dhéantar saothair ealaíne ná sócmhainní oidhreachta a dhímheas.

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil a bail mhaith a choinneáil orthu.

***Sócmhainní caipitil á bhforbairt***

Déantar caiteachas ar ionaid réadmhaoine atá ann cheana féin agus ar le OOP iad, a chuirtear i gcrích faoi fhotheideal B6 (oibreacha nua, athruithe agus breiseanna), a chaipitliú faoina chatagóir sócmhainní ábhartha sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas ach amháin i gcás na n-eisceachtaí a leagtar amach thuas áit nach n-aithnítear caiteachas caipitiúil mar shócmhainn chaipitil. Cuirtear caiteachas caipitiúil ar fhorbairtí nua a chuimsíonn tréimhsí cuntasaíochta éagsúla san áireamh mar shócmhainn chaipitil á forbairt agus aistrítear é go dtí an chatagóir sócmhainní ábhartha nuair atá sé críochnaithe.

***Íocaíochtaí léasa réadmhaoine***

Aithníonn OOP íocaíocht le haghaidh earraí agus seirbhísí nuair atá na hearraí nó na seirbhísí curtha ar fáil go sásúil, nuair atá a gcuntas curtha faoina bhráid ag an gcliant agus nuair atá an t-ordú le haghaidh íocaíochta curtha i gcrích. I gcás comhaontuithe léasa réadmhaoine, bíonn OOP sásta go bhfuil an dliteanas tagtha in aibíocht ach an tseirbhís a bheith curtha ar fáil agus an cíos a bheith dlite agus iníoctha. Má bhíonn deacrachtaí ann ó thaobh dlí nó comhlíonadh de, áfach, is féidir le OOP íocaíochtaí den sórt sin le soláthraithe a ghearradh ar an Vóta agus na cistí a aistriú go dtí fionraí.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus mo chuid dualgas eile mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi shíor-athbhreithniú.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar acmhainní daonna, agus seirbhísí comhroinnte párolla agus taistil do ghráid na státseirbhíse.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte ó thaobh na rialuithe cuí a bheith i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht um rialú, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn lucht bainistíochta sinsearach faoi athbhreithniú
- go ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- go bhfuil córas bainistithe riosca i bhfeidhm san Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil ann agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadal
- go bhfuil creat rialachais chorparáidigh i bhfeidhm san Oifig.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas agus earraí agus seirbhísí á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. In 2018, chomhlíon an Oifig na treoirlínte soláthair cé is moite d'íocaíochtaí arbh fhiú €1.62 milliún ar an iomlán iad.

- bhain naoi gconradh arbh fhiú €514,000 ar an iomlán iad le hobair speisialaithe phráinneach a bhain le cúrsaí slándála
- bhain ocht gconradh arbh fhiú €781,000 iad le cásanna ina bhfuarthas seirbhísí ó sholáthraí oiriúnach aonair nó ó chonraitheoir ag a bhfuil saineolas speisialaithe nó de bharr práinne.
- rinneadh íocaíochtaí arbh fhiú €327,000 iad le cúig sholáthraí nuair nach raibh aon chonradh i bhfeidhm.

***Iniúchóireacht inmheánach agus coiste iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige bonn eolais faoi obair na feidhme agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear na moltaí a eascraíonn as tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm.

***Creat um riosca agus rialú***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Oifig. Sainaithníodh iad sin, rinneadh meastóireacht orthu agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach bliain. Baintear úsáid as toradh na measúnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go sásúil.

Sonraíonn an clár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as rialuithe a oibriú ar bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis um rialú agus cuirtear easnaimh ar an rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, más ábhartha, go tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an ardbhainistíocht taobh istigh den Oifig atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais

***Fadhbanna i dtaca le rialú inmheánach airgeadais***

Sainaithníodh na saincheisteanna seo a leanas i dtaca le rialú inmheánach airgeadais in 2018.

*Oifigí ar léas*

De bhun tuarascáil a d'fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste in 2018, tá OOP tar éis tuilleadh feabhais a chur ar a chur chuige maidir le tionscadail a bhainistiú.

*Caiteachas ar chonradh cothabhála téarma thomhaiste*

Conradh ar cuireadh tús leis in 2014 ar measadh a luach ag €12 mhilliún, thabhaigh sé caiteachas iomlán €39.4 milliún thar na ceithre bliana dar chríoch 2018.

*Caiteachas ar chuairt an Phápa*

I bhfianaise na práinne agus an achair ama ghairid a bhain le cuairt an Phápa a eagrú, bhain OOP úsáid as creataí a bhí ann cheana féin chun roinnt seirbhísí a chur ar fáil. I gcúig chás, baineadh úsáid as creatchonarthaí chun seirbhísí a bhí €6 mhilliún sa bhreis ar luach na mbunchonarthaí a chur ar fáil.

**Maurice Buckley**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

24 Meán Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poibli don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le hOifig na nOibreacha Poibli agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Tarraingíodh aird i m'iniúchadh ar roinnt cásanna nár comhlíonadh rialacha soláthair náisiúnta a bhain le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2018. Tá siad sin nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta san ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais.

#### *Caiteachas faoi chonradh cothabhála*

Scrúdaítear caiteachas ag OOP faoi chonradh cothabhála sa tréimhse 2015–2018 a bhí cuid mhaith níos airde ná meastachán OOP ar luach an chonartha i gCaibidil 6 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2018.

**Séamus Mac Cárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2019

# Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas ar na cláir** | | | | | |
| A | Bainistíocht riosca tuilte | | 101,135 | 99,244 | 75,099 |
| B | Bainistíocht eastát | | | | |
| | *Bunmhéid* | 326,828 | | | |
| | *Méid breise* | 22,000 | | | |
| | | | 348,828 | 350,639 | 319,180 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunmhéid* | 427,963 | | | |
| | *Méid breise* | 22,000 | | | |
| | | | **449,963** | **449,883** | **394,279** |
| | *Lúide* | | | | |
| C | Leithreasaí i gcabhair | | | | |
| | *Bunmhéid* | 23,749 | | | |
| | *Méid breise* | 2,000 | | | |
| | **Glanchaiteachas** | | **25,749** | **26,240** | **33,847** |
| | *Bunmhéid* | 404,214 | | | |
| | *Méid breise* | 20,000 | | | |
| | | | **424,214** | **423,643** | **360,432** |

**Barrachas**

Ní mór an barrachas a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm a thabhairt ar ais don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **571,328** | **4,634,977** |

**Maurice Buckley**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

24 Meán Fómhair 2019

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas na gclár | | 399,018 | 350,262 |
| Riarachán – pá | | 39,895 | 35,976 |
| Riarachán - neamhphá | | 10,970 | 8,041 |
| **Ollchaiteachas** | | **449,883** | **394,279** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **26,240** | **33,847** |
| **Glanchaiteachas** | | **423,643** | **360,432** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin – airgead tirim | (11,199) | | |
| Dímheas | 4,079 | | |
| Diúscairtí – airgead tirim | 376 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairt | (36) | | |
| | | (6,780) | 191 |
| **Athruithe ar ghlansóchmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 2,419 | | |
| Méadú ar stoc | (3) | | |
| | | 2,416 | 505 |
| **Caiteachas díreach** | | **419,279** | **361,128** |
| Caiteachas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil saor in aisce do ranna eile | | (178,700) | (163,606) |
| Caiteachas ar sheirbhísí nuair a fheidhmíonn OOP mar chliant | | (127,015) | (87,288) |
| **Caiteachas díreach** (seachas comhsheirbhísí agus seirbhísí nuair a fheidhmíonn OOP mar chliant) | | **113,564** | **110,234** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 21,905 | 23,047 |
| **Glanchostas na gclár**[a] | | **135,469** | **133,281** |

Nóta [a] Ní chuimsíonn glanchostas an chláir suim d´ioncam barúlach ná íocaíochtaí barúlacha.

- Meastar gurb é €87.9 milliún na cíosanna barúlacha a d'fhéadfadh OOP a fháil ar réadmhaoin atá faoi úinéireacht an Stáit. Meastar gurb é €3.5 milliún luach na gcíosanna barúlacha a chaitheann OOP a íoc.
- Níor cuireadh suimeanna san áireamh sa ráiteas maidir le hioncam barúlach ó chliantranna i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn OOP saor in aisce faoi láthair

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas a bhaineann le Vóta 13 agus a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais na seirbhísí comhroinnte a leithroinntear le vótaí eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 8 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | 21,828 | 23,047 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí | 69 | — |
| | **21,905** | **23,047** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 3,338,779 | 3,326,934 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 20,375 | 32,628 |
| Stoic | 2.4 | 1,847 | 1,844 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 19,172 | 20,060 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,076 | 1,510 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 4,511 | 278 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 46,981 | 56,320 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 9,364 | 7,973 |
| Ioncam iarchurtha | | 52 | 346 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 24,450 | 31,086 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.9 | 436 | 1,820 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 34,302 | 41,225 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 12,679 | 15,095 |
| **Glansócmhainní** | | **3,351,458** | **3,342,029** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **3,351,458** | **3,342,029** |

### 2.1 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | €000 | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 3,342,029 | 3,343,641 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 424,214 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (571) | | |
| Vóta glan | | | 423,643 | 360,432 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 21,905 | 23,047 |
| Seirbhísí gaolmhara | 1 | | (178,700) | (163,606) |
| Cliantseirbhísí | 1 | | (127,015) | (87,288) |
| Glanchostas na gclár | 1 | | (135,469) | (133,281) |
| Coigeartuithe sócmhainní | | | 5,065 | (916) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **3,351,458** | **3,342,029** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh [a] | Gléasra agus innealra | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt [b] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2018 | 3,308,721 | 41,783 | 27,188 | 22,665 | 177 | 3,400,534 |
| Athaicmiú [c] | — | 135 | 560 | (695) | — | — |
| Méideanna breise | 8,450 | 4,022 | 1,780 | 944 | 953 | 16,149 |
| Diúscairtí | (270) | (1,922) | (3,263) | (547) | — | (6,002) |
| Athluacháil ar dhiúscairt | 130 | — | — | — | — | 130 |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2018 | 3,317,031 | 44,018 | 26,265 | 22,367 | 1,130 | 3,410,811 |
| **Dímheas carnach** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2018 | — | 33,847 | 23,860 | 15,893 | — | 73,600 |
| Athaicmiú | — | 160 | 507 | (667) | — | — |
| Dímheas don bhliain | — | 1,921 | 1,664 | 494 | — | 4,079 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,908) | (3,205) | (534) | — | (5,647) |
| Dímheas carnach an 31 Nollaig 2018 | — | 34,020 | 22,826 | 15,186 | — | 72,032 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2018** | **3,317,031** | **9,998** | **3,439** | **7,181** | **1,130** | **3,338,779** |
| Glansócmhainní an 31 Nollaig 2017 | 3,308,721 | 7,936 | 3,328 | 6,772 | 177 | 3,326,934 |

Nótaí

a Déantar anailís thíos ar na luachálacha ar thalamh agus foirgnimh.

b Ní áirítear i sócmhainní caipitil atá á bhforbairt tionscadail tógála ar tugadh fúthu faoi fho-cheannteideal B6 – oibreacha nua, athruithe agus breiseanna. Ní dhéantar caiteachas ar fhoirgnimh atá léasaithe a chaipitliú.

c Ach a ndearnadh athbhreithniú ar shócmhainní caipitil in 2018, athaicmíodh roinnt sócmhainní.

**Luacháil ar thalamh agus foirgnimh**

Mar a leagtar amach sa ráiteas faoi bheartais agus faoi phrionsabail chuntasaíochta, baintear úsáid as roinnt boinn luachála chun sócmhainní a luacháil. Tá líon na bhfoirgneamh agus an bonn luachála a úsáideadh leagtha amach thíos.

| **Bonn luachála** | **2018** | | **2017** | |
|---|---|---|---|---|
| | **Líon na bhfoirgneamh** | **€000** | **Líon na bhfoirgneamh** | **€000** |
| Luach margaidh | 287 | 831,124 | 289 | 831,264 |
| Gnáthchostais tógála | 544 | 718,711 | 544 | 718,711 |
| Costas | 135 | 839,290 | 131 | 830,840 |
| Ionaid réadmhaoine ardghradaim (costas) | 11 | 927,906 | 11 | 927,906 |
| Ionaid réadmhaoine oidhreachta (luach neamhní) | 727 | — | 727 | — |
| | **1,704** | **3,317,031** | **1,702** | **3,308,721** |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| an 31 Nollaig | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 20,388 | 32,721 |
| Mionairgead | 8 | 12 |
| Orduithe amuigh | (21) | (105) |
| | **20,375** | **32,628** |

## 2.4 Stoic

| an 31 Nollaig | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Stoic innealtóireachta | 910 | 807 |
| Stoic an iosta oidhreachta | 846 | 918 |
| Ábhair thógála | 51 | 48 |
| Stáiseanóireacht | 20 | 20 |
| Stoic ilghnéitheacha | 20 | 51 |
| | **1,847** | **1,844** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| an 31 Nollaig | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Riarachán | 658 | 474 |
| Bainistíocht riosca tuilte | 5 | 15 |
| Bainistíocht eastát | 18,509 | 19,571 |
| | **19,172** | **20,060** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| an 31 Nollaig | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna na ngníomhaireachtaí (Nóta 2.8) | 4,353 | 278 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 158 | —- |
| | **4,511** | **278** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 963 | 1,081 |
| Muirear Sóisialach Uilíoch | 220 | 266 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 858 | 896 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 616 | 590 |
| Cáin Bhreisluacha | 4,189 | 3,698 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 275 | 231 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 10 | 11 |
| | 7,131 | 6,773 |
| Iarmhéideanna na ngníomhaireachtaí (Nóta 2.8) | 7,716 | 14,540 |
| Cuntas oibreacha éagsúla | —- | 1,224 |
| Bainistiú réadmhaoine | 7,543 | 4,989 |
| Fáltais ó réadmhaoin Stáit a dhíol | —- | 84 |
| An scéim ‘Céatadán le haghaidh Ealaíne’ | 850 | 1,175 |
| Oidhreacht ilghnéitheach | 726 | 1,024 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil i bhfionraí | 104 | 175 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 380 | 1,102 |
| | **24,450** | **31,086** |

## 2.8 Soláthar seirbhísí gníomhaireachta

Chomh maith le caiteachas ar Vóta 13, gníomhaíonn OOP mar ghníomhaire freisin, agus tabhaíonn sí caiteachas thar ceann ranna agus ghníomhaireachtaí eile an Rialtais. Cuireann an rannóg/an ghníomhaireacht tionscanta maoiniú ar fáil do OOP i leith an chaitheatais sin agus feictear mar mhuirear ar chuntas na clianteagraíochta é. €89 milliún an caiteachas iomlán in 2018 agus ba iad na príomhréimsí caiteachais ná móroibreacha caipitil (€65.4 milliún); clár na scoileanna (€1.9 milliún); oibreacha cothabhála (€3.3 milliún) agus léasú cóiríochta (€18.4 milliún).

| **Cuntas seirbhísí gníomhaireachta**<br>an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir | (14,262) | (10,559) |
| Íocaíochtaí | 89,005 | 84,011 |
| Fáltais | (78,106) | (87,714) |
| **Iarmhéid deiridh**[a] | **(3,363)** | **(14,262)** |

Nóta [a] Cuimsíonn an t-iarmhéid sochair deiridh €3.363 milliún iarmhéideanna gníomhaireachta dochair €4.353 milliún (nóta 2.6) agus iarmhéideanna gníomhaireachta sochair €7.716 milliún (nóta 2.7).

## 2.9 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| an 31 Nollaig | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 571 | 4,635 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (135) | (2,815) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **436** | **1,820** |
| Arna léiriú le: | | |
| Féichiúnaithe | | |
| Banc agus airgead tirim | 20,375 | 32,628 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 4,511 | 278 |
| | **24,886** | **32,906** |
| Creidiúnaithe | | |
| Dlite don Stát | (7,131) | (6,773) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (17,319) | (24,313) |
| | (24,450) | (31,086) |
| | **436** | **1,820** |

## 2.10 Ceangaltais

| Ceangaltais dhomhanda | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 10,328 | 2,883 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil | 1,500 | —- |
| Cláir deontais caipitil | 12,720 | 12,970 |
| Tionscadail caipitil | 53,055 | 92,250 |
| Tionscadail a bhaineann le Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí | 417,748 | 443,827 |

Bhí gealltanais todhchaí ann ag deireadh 2018 i ndáil le cíos réadmhaoine ar léas agus táillí seirbhíse gaolmhara – bheadh foráil shonrach nó íostréimhse fógra i gceist le léasanna níos fadtéarmaí le haghaidh luathchríochnú de ghnáth. Níor cuireadh figiúirí do na gealltanais sin san áireamh sa chuntas seo ach meastar gurb ionann iad agus €107.6 milliún in 2019 (2018: €100.2 milliún).

| Cláir dheontais neamhchaipitil | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | —- | —- |
| Gealltanais nua deontais | 1,750 | —- |
| Deontais íoctha sa bhliain | (250) | —- |
| Iarmhéid deiridh | **1,500** | —- |

| Cláir deontais caipitil | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 12,970 | 13,220 |
| Deontais íoctha sa bhliain | (250) | (250) |
| Iarmhéid deiridh | **12,720** | **12,970** |

**Mórthionscadail chaipitil**

Mórthionscadail a bhí ar bun le linn 2018 áit a bhfuiltear ag súil go mbeidh costas measta iomlán an tionscadail aonair os cionn €10 milliún. Seo iad na sonraí:

| Tionscadal | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2017 | Caiteachas i 2018 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin[a] | Caiteachas iomlán tuartha shaolré an tionscadail 2018 | Caiteachas iomlán tuartha shaolré an tionscadail 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Bainistíocht riosca tuilte** | | | | | |
| Abhainn na Dothra (scéim na habhann | 12,116 | 1,939 | 3,100 | 17,155 | 14,500 |
| Inis Íochtarach | 17,492 | 563 | 945 | 19,000 | 18,647 |
| Bré | 40,685 | 1,491 | 400 | 42,576 | 41,185 |
| Port Láirge | 15,072 | 519 | 409 | 16,000 | 16,000 |
| Droichead na Bandan | 11,804 | 10,628 | 6,000 | 28,432 | 20,900 |
| An Sciobairín | 9,681 | 15,216 | 9,603 | 34,500 | 30,001 |
| Cloich na Coillte | 1,262 | 6,343 | 16,495 | 24,100 | —- |
| **Iomlán** | **108,112** | **36,699** | **36,952** | **181,763** | **141,233** |

**Bainistíocht eastát**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Plaza Miesach | 8,734 | 10,766 | 3,941 | 23,441 | 23,441 |
| Teach Laighean | 1,135 | 6,568 | 7,164 | 14,867 | 14,185 |
| **Iomlán** | **9,869** | **17,334** | **11,105** | **38,308** | **37,626** |

Nóta [a] Baineann gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin le meastachán reatha OOP i ndáil le costais chaipitil go dtí go gcuirfear an tionscadal i gcrích.

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur tháinig athrú de bhreis ar €500,000 ar cheangaltais ilbhliantúla idir 2017 agus 2018.

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| **Bainistíocht riosca tuilte** | **€000** | |
| Abhainn na Dothra (scéim na habhann) | (2,655) | Tá costas measta iomlán an tionscadail méadaithe toisc gur aithníodh oibreacha breise a fhágann gur gá an scéim a athrú de bheagán. |
| Bré | (1,391) | Cuimsíonn an meastachán athbhreithnithe oibreacha |
| Droichead na Bandan | (7,532) | Tabhaíodh costais bhreise sa tionscadal ina iomláine mar gheall ar athruithe agus saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn an tionscadail lenar ghá oibreacha breise agus athruithe a dhéanamh. |
| An Sciobairín | (4,499) | Tabhaíodh costais bhreise sa tionscadal ina iomláine mar gheall ar athruithe agus saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn an tionscadail lenar ghá oibreacha breise agus |
| **Bainistíocht eastát** | | |
| Teach Laighean | (682) | Tháinig an meastachán athbhreithnithe chun cinn mar gheall ar oibreacha riachtanacha breise a tugadh faoi deara le linn an tionscadal a chur i bhfeidhm, oibreacha nárbh fhéidir teacht rompu nuair a scrúdaíodh scála na n-oibreacha a bhí i gceist an chéad lá riamh. |

**Íocaíochtaí aonadacha i ndáil le tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí**

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2017 | Caiteachas i 2018 | Gealltanais is infhorfheidhmithe le dlí a chaithfear a chomhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteach as iomlán tuartha shaolré an tionscadai i 2018 | Caiteach as iomlán tuartha shaolré an tionscadail 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| An tIonad Comhdhála, Baile Átha Cliath | 326,372 | 24,328 | 417,748 | 768,448 | 770,199 |

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Oifig le roinnt imeachtaí dlí agus idir-réiteach conartha atá fós le réiteach, a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Ní fios go baileach suim ná uainiú na ndliteanas a d’fhéadfadh a bheith ann.

# Nóta 3 Caiteachas an Vóta

## Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 39,706 | 39,895 | 35,976 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,511 | 2,049 | 1,540 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,187 | 1,087 | 1,039 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,532 | 1,445 | 1,433 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 5,100 | 5,195 | 2,785 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,079 | 953 | 944 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas | 416 | 118 | 165 |
| viii | Seirbhísí Foilsitheoireachta Rialtais | 170 | 123 | 135 |
| | | **50,701** | **50,865** | **44,017** |

**Athruithe suntasacha**

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin trasna na gclár chun costas iomlán na gclár a chur i láthair. Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar an gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

*ii Taisteal agus cothabháil*

Soláthar sna meastacháin: €1.511 milliún, toradh: €2.049 milliún

Baineann an méadú le líon níos mó ball foirne agus le cuairteanna breise ar shuíomhanna agus le rannpháirtíocht tríú páirtithe.

*vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas*

Soláthar sna meastacháin: €416,000, toradh: €118,000

Bhí an ceanglas maidir le seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe i ndáil luach ar airgead agus le beartais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár A Bainistíocht riosca tuilte

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 10,577 | 10,134 | 8,718 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 2,140 | 2,749 | 2,079 |
| A.3 | Gléasra agus innealra a cheannach | 3,150 | 4,385 | 2,167 |
| A.4 | Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrach agus hidreolaíoch | 1,246 | 1,024 | 1,109 |
| A.5 | Bainistíocht riosca tuilte | 68,069 | 64,644 | 45,369 |
| A.6 | Cothabháil draenála | 15,953 | 16,308 | 15,657 |
| | | **101,135** | **99,244** | **75,099** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le le Clár A €1.891 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach. Bhain €166,000 de seo le caiteachas riaracháin agus tá sé mínithe cheana féin, agus ba iad seo a leanas ba mhó ba chúis leis an gcuid eile den athrú, i.e. €2.057 milliún.

*A.3 Gléasra agus innealra a cheannach*

Soláthar sna meastacháin: €3.15 milliún, toradh: €4.385 milliún

Ba ann don mhéadú mar gheall ar ghléasra agus innealra breise a cheannach lena n-áirítear trealamh hidriméadrach agus feithiclí le haghaidh tógála caipitil i scéimeanna faoisimh tuile.

*A.4 Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrach agus hidreolaíoch*

Soláthar sna meastacháin: €1.246 milliún, toradh: €1.024 milliún

D'eascair an choigilt €222,000 go príomha as moill uainiúcháin ag deireadh na bliana ar fheistiúcháin bheartaithe feithiclí agus ar ghnéithe struchtúracha na stáisiún monatóireachta a fháil.

*A.5 Bainistíocht riosca tuilte*

Soláthar sna meastacháin: €68.069 milliún, toradh: €64.644 milliún

Bhain an choigilt €3.425 milliún le moilleanna ar chead pleanála chun roinnt tionscadal faoisimh tuilte a thosú agus le moill ar an Scéim Athlonnaithe Baile.

## Clár B Bainistíocht eastát

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | | 29,129 | 29,761 | 27,258 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 8,855 | 8,221 | 5,962 |
| B.3 | Foireann Theach an Uachtaráin | | 899 | 803 | 801 |
| B.4 | Deontais le haghaidh oibreacha agus seirbhísí athchóirithe áirithe | | 500 | 500 | 250 |
| B.5 | Láithreáin agus foirgnimh a cheannach | | 3,480 | 3,780 | 1,031 |
| B.6 | Oibreacha nua, athruithe agus | | | | |
| | *Bunmhéid* | 56,030 | | | |
| | *Méid breise* | 22,000 | | | |
| | | | 78,030 | 77,690 | 52,847 |
| B.7 | Cothabháil réadmhaoine agus soláthairtí | | 60,236 | 60,720 | 60,233 |
| B.8 | Cíosanna | | 92,020 | 90,772 | 96,374 |
| B.9 | Táillí seirbhíse agus fóntais | | 10,543 | 10,724 | 9,549 |
| B.10 | Íocaíochtaí aonadacha | | 25,000 | 24,328 | 24,281 |
| B.11 | Seirbhísí oidhreachta | | 40,136 | 43,340 | 40,594 |
| | | | **348,828** | **350,639** | **319,180** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €23.811 milliún níos airde ná an tsuim a soláthraíodh, sular deonaíodh meastachán forlíontach €22 milliún. Ba mar thoradh ar na nithe seo a leanas go príomha an difríocht.

*B.5 Láithreáin agus foirgnimh a cheannach*

Soláthar sna meastacháin: €3.48 milliún, toradh: €3.78 milliún

D'eascair an méadú €300,000 as an deis a bhí ag OOP dhá shócmhainn a bhí ar léas roimhe seo a cheannach chun costais cíosa amach anseo a laghdú.

*B.6 Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna*

Soláthar sna meastacháin: €56.03 milliún, toradh: €77.69 milliún

Bhí meastachán forlíontach €22 milliún ag teastáil, go príomha chun na costais a bhí ar OOP de bharr chuairt an Phápa i mí Lúnasa 2018 a sheasamh. Caitheadh €2.7 milliún den mheastachán forlíontach ar Theach Laighean agus ar thionscadal cuíchóirithe na Roinne Dlí agus Cirt.

*B.11 Seirbhísí oidhreachta*

Soláthar sna meastacháin: €40.136 milliún, toradh: €43.34 milliún

Is toradh é an caiteachas €3.204 milliún ar roinnt cúinsí lena n-áirítear oibreacha riachtanacha ar roinnt suíomhanna oidhreachta agus forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcóras áirithinte ar líne.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Cíosanna, táillí ceadúnais, etc. | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 3,040 | | | |
| | | *Méid breise* | 1,000 | | | |
| | | | | 4,040 | 4,541 | 4,637 |
| 2 | Bainistíocht imeachtaí agus saoráidí | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 3,000 | | | |
| | | *Méid breise* | 1,000 | | | |
| | | | | 4,000 | 4,412 | 3,903 |
| 3 | Fáltais as seirbhísí foilsitheoireachta Rialtais | | | 630 | 737 | 631 |
| 4 | Aisghabhálacha i ndáil le seirbhísí a dhéantar ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta | | | — | — | 8,744 |
| 5 | Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag ionaid náisiúnta réadmhaoine stairiúla | | | 2,300 | 2,475 | 1,371 |
| 6 | Táillí isteach ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag ionaid náisiúnta réadmhaoine stairiúla | | | 10,000 | 10,057 | 10,214 |
| 7 | Ilghnéitheach, lena n-áirítear táillí, ús agus diúscairtí etc. | | | 1,360 | 1,054 | 1,643 |
| 8 | Fáltais ó asbhaint ó luach saothair na seirbhíse poiblí a bhaineann le pinsean | | | 3,419 | 2,964 | 2,704 |
| | Iomlán | | | **25,749** | **26,240** | **33,847** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí na leithreasaí i gcabhair €2.491 milliún níos mó ná an meastachán. Tá na difríochtaí mínithe thíos.

*1 Cíosanna, táillí ceadúnais, etc.*

Soláthar sna meastacháin: €3.04 milliún, toradh: €4.541 milliún

Ioncam ón mbliain roimhe sin ar shuíomhanna crainn tarchurtha, agus roinnt fáltais de chuid 2017 a bheith faighte go luath in 2018, ba mhó ba chúis leis an méadú €1.501 milliún.

*2 Bainistíocht imeachtaí agus saoráidí*

Soláthar sna meastacháin: €3 mhilliún, toradh: €4.412 milliún

Tharla an méadú €1.412 milliún go príomha mar gheall ar mhéadú ar líon na gcuairteoirí ag láithreáin faoi bhainistíocht OOP, Caisleán Bhaile Átha Cliath agus Caisleán Chill Chainnigh san áireamh, agus mar gheall ar mhéadú ar ghníomhaíocht ghnó in ionaid chomhdhála.

*3 Fáltais as seirbhísí foilsitheoireachta Rialtais*

Soláthar sna meastacháin: €630,000, toradh: €737,000

Tharla an méadú €107,000 go príomha mar gheall ar mhéadú ar shreabhadh na bhfáltas ó fhoilseacháin.

5 *Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag ionaid náisiúnta réadmhaoine stairiúla*

Soláthar sna meastacháin: €2.3 milliún, toradh: €2.475 milliún

Tharla an méadú €175,000 go príomha mar gheall ar mhéadú ar an éileamh ar na láithreáin, rud a chruthaigh ioncam breise ó tháillí na saoráide.

7 *Ilghnéitheach, lena n-áirítear táillí, ús agus diúscairtí etc.*

Soláthar sna meastacháin: €1.360 milliún, toradh: €1.054 milliún

B'ann don difríocht €306,000 go príomha mar gheall ar cheist ama a d'fhág go bhfuarthas airgead a bhí dlite in 2018 ag tús 2019.

8 *Fáltais ó asbhaint ó luach saothair na seirbhíse poiblí a bhaineann le pinsean*

Soláthar sna meastacháin: €3.419 milliún, toradh: €2.964 milliún

Bhain an difríocht €455,000 le meastachán ní b'airde ná mar ba chóir. Bhí na fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ag teacht leis an méadú do 2018 a bhí sa mheastachán.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** | | |
| Gráid státseirbhíse | 724 | 674 |
| Gráid shonracha OOP | 1,049 | 1,037 |
| | **1,773** | **1,711** |

## 5.2 Pá

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| **Pá** | | |
| Gráid státseirbhíse | 37,057 | 33,725 |
| Gráid shonracha OOP | 45,887 | 43,448 |
| **Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | |
| Gráid státseirbhíse | 210 | 87 |
| Gráid shonracha OOP | 2,022 | 1,932 |
| **Ragobair** | | |
| Gráid státseirbhíse | 81 | 27 |
| Gráid shonracha OOP | 3,169 | 3,108 |
| **Tinreamh, sealaíocht agus uainchlár** | | |
| Gráid shonracha OOP | 2,414 | 2,495 |
| **ÁSPC an fhostóra** | | |
| Gráid státseirbhíse | 2,548 | 2,137 |
| Gráid shonracha OOP | 5,561 | 5,236 |
| **Pá iomlán** | **98,949** | **92,195** |

Cuimsíonn suim an phá iomláin pá do 551 ball foirne sealadach agus séasúrach in 2018 (2017: 245 ball foirne).

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon daoine a fuair | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos | An íocaíocht is mó le duine amháin | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| **Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais** | | | | |
| Gráid státseirbhíse | 42 | 3 | 20,596 | 10,595 |
| Gráid shonracha OOP | 1,121 | 1 | 10,292 | 8,574 |
| **Ragobair** | | | | |
| Gráid státseirbhíse | 26 | 1 | 11,644 | 8,380 |
| Gráid shonracha OOP | 1,017 | 76 | 54,401 | 37,831 |
| **Tinreamh, sealaíocht agus uainchlár** | | | | |
| Gráid shonracha OOP | 815 | 12 | 13,233 | 25,985 |
| **Íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin** | | | | |
| Gráid státseirbhíse | 6 | — | 9,409 | 10,075 |
| Gráid shonracha OOP | 1,122 | 196 | 55,076 | 39,991 |

## 5.3 Socruithe eile maidir le luach saothair

Athfhostaíodh seachtar státseirbhíseach a bhí ar scor agus a raibh pinsin earnála poiblí á bhfáil acu ar bhonn táille ar chostas iomlán €54,193.

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €31,371 i leith 28 duine (2017: €28,490, 20 duine). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le gráid shonracha OOP.  Tá pleananna aisghabhála do ghráid na státseirbhíse i bhfeidhm nó á gcur i bhfeidhm.

Aistríodh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochta ar fiú €809 iad, i leith beirte, go dtí an Oifig i gcaitheamh na bliana.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc OOP | Costais dlí a bronnadh | Cúiteamh a bronnadh | 2018 Iomlán | 2017 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh a rinne fostaithe** | | | | | | |
| **Éilimh i ndáil le díobháil phearsanta- a socraíodh in 2018** | 7 | 81 | 192 | 291 | 564 | 225 |
| **- a socraíodh i mbliain roimhe sin nó atá ar bun go fóill** | 6 | 13 | 16 | — | 29 | 16 |
| Éilimh ón bpobal | | | | | | |
| Éilimh i ndáil le díobháil phearsanta – a socraíodh in 2018 | 6 | 7 | 20 | 190 | 217 | 327 |
| - a socraíodh i mbliain roimhe sin nó atá ar bun go fóill | 11 | 17 | — | — | 17 | 135 |
| Éilimh i ndáil le caillteanais nó damáiste a socraíodh in 2018 | 7 | 19 | 16 | 2 | 37 | 14 |
| | | **137** | **244** | **483** | **864** | **717** |

### 6.2 Costais eadrána agus idir-réitigh

Áirítear i gcaiteachas 2018 íocaíochtaí €6.188 milliún (2017: €4.880 milliún) a rinneadh le conraitheoirí agus le daoine eile chun costais a chlúdach mar thoradh ar imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Bhí seacht gcás ann in 2018 (2017: ceithre cinn). Tá CBL, táillí dlíthiúla agus gairmiúla san áireamh sna figiúirí.

### 6.3 Ús agus cúiteamh

Rinne OOP íocaíochtaí pionóis úis agus cúitimh arbh fhiú €58,893 iad in 2018 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, i ndáil le híocaíochtaí déanacha (2017: €25,132). B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinne OOP in 2018 agus €414 milliún agus €86,713 luach iomlán na n-íocaíochtaí ináirithe.